## Seicliosta le haghaidh na nDoiciméad Riachtanach:

Sula gcuireann tú d'iarratas isteach **DÉAN TEAGMHÁIL LE d'OIFIG ÁITIÚIL (tá na huimhreacha teagmhála luaite ar Leathanach 2 den fhoirm iarratais)** chun a dheimhniú go bhfuil na doiciméid riachtanacha ar fad ceangailte de bhrí go seolfar iarratais neamhiomlána ar ais agus go gcuirfidh a leithéid moill ar chead a thabhairt duit na hoibreacha atá beartaithe agat a dhéanamh.

**TABHAIR FAOI DEARA GO BHFUIL MAOINIÚ DEONTAIS Á BHRONNADH BUNAITHE AR ÁR gCOSTÁLACHA CAIGHDEÁNACHA AGUS NÍ AR NA LUACHANA A CUIREADH AR FÁIL.**

**Do Gach Cineál Deontais**:

- Fianaise dheimhnithe ar ioncam don bhliain roimh ré d'úinéir agus / nó do chéile na maoine. Eg Litir ón Roinn Leasa Shóisialaigh (NÍ ghlacfar le duillíní ó Oifig an Phoist nó le ráiteas bainc). Ráiteas Dliteanais don Bhliain Chánach Roimh Ré (Féach Leathanach 16 den Fhoirm Iarratais áit a bhfuil na sonraí ar fad).
- Fianaise ar Chlárú don Cháin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) nó Priontáil "Mo Phróifíl CMÁ" ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim. (Tá eolas maidir le ceanglais eile le fáil ar leathanach 20)
- Ní mór gach leathanach den fhoirm a líonadh go hiomlán.
- **Tabhair faoi deara nach mór go mbeifeá in ann aon chostas breise a íoc (más infheidhme) nach bhfuil clúdaithe ag an deontas**.
- Doiciméid bhreise mar atá sonraithe thíos ag brath ar an gcineál deontais a theastaíonn uait.

**Síntí/Tiontuithe ar sheomra leapa/seomra folctha:**

- Tuairisc ó Theiripeoir Saothair (do gach cineál sínidh nó d'athrú mór ar úsáid seomra)
- Deimhniú maidir le Cead Pleanála nó Deimhniú Díolúine (níl a leithéid riachtanach tráth déanta an iarratais)
- Líníochtaí d'oibreacha beartaithe
- Meastachán amháin

**Oiriúnú Seomra Folctha:**

- Meastachán mhionsonraithe amháin
- Sceitse den leagan amach faoi láthair agus den leagan amach atá beartaithe
- Grianghraf den seomra folctha
- Ní mór Teastas Dochtúra ar an bhFoirm a líonadh.

**Rampaí:**

- Meastachán mhionsonraithe amháin
- Sceitse den leagan amach faoi láthair agus den leagan amach atá beartaithe
- Grianghraf den áit ina bhfuil an rampa le suiteáil
- Ní mór Teastas Dochtúra ar an bhfoirm a líonadh

**Cathaoir Staighre:**

- Meastachán amháin
- Grianghraf den staighre

- Ní mór Teastas Dochtúra ar an bhFoirm a líonadh. Tabhair faoi deara go mbeidh Tuairisc an Teiripeora Shaothair ag teastáil freisin (féach leathanach 21)

**Athshreangú:**

- Meastachán amháin
- Grianghraf de na hOibreacha Leictreacha
- Tuarascáil Chigireachta Thréimhsiúil ó leictreoir ina ndéantar cur síos ar na hoibreacha deisiúcháin riachtanacha. (Ní mór go mbeadh an Leictreoir Cláraithe le Safe Electric).

**Téamh Lárnach:**

- **Níl aon Chúnamh deontais ar fáil d'athsholáthar nó do shuiteáil COIRE BREOSLA IONTAISE NUA (coire gáis nó ola)**
- Más mian leat Oibreacha deisiúcháin a dhéanamh ar sheanchoire beidh ort tuairisc a chur ar fáil ó chonraitheoir teasa ina ndéantar cur síos ar an mbail atá ar an gcóras teasa atá ann faoi láthair.

**Oibreacha Deisiúcháin/Athsholáthar Dín:**

- Meastachán amháin
- Grianghraf de Dhíon
- Deimhniú ó do Chuideachta Árachais Tí ina sonraítear nach gclúdóidh sí an costas nó deimhniú i scríbhinn nach bhfuil árachas tí agat.

**Fuinneoga/Doirse:**

- Meastachán amháin
- Grianghraf d'fhuinneoga/de dhoirse – ní chlúdaíonn an deontas ach athsholáthar fuinneog gloinithe shingil nó seanfhuinneog alúmanaim/adhmaid. Ní chuirfear **fuinneoga déghloinithe san áireamh.**

**FÉACH AR AN IARRATAS CHUN EOLAS MAIDIR LE CEANGLAIS EILE A FHÁIL A BHAINEANN LE hIARRATAS A DHÉANAMH AR NA DEONTAIS AGUS OIBREACHA EILE ATÁ CLÚDAITHE. (Féach Leathanach 20)**